**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2020**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**2 uair 30 nóiméad**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1,000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

## Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Sampla de shéadchomhartha Clochaoise is ea an struchtúr ag an gCraobhaigh Chaol, Co. Shligigh ***atá léirithe ar an mbileog leis* seo**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cen fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an struchtúr seo agus ar conas a tógadh é.
(c) Ainmnigh séadchomhartha **amháin** eile ón ré seo, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de shaothar miotalóireachta ón gCré-Umhaois é **Scornán Ghleann Insín**, **atá léirithe ar an mbileog leis seo**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar conas a rinneadh é agus bíodh tagairt agat do na bunábhair, do na teicnící agus don mhaisiúchán.
(c) Ainmnigh déantúsán **amháin** eile ón ré chéanna, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra*.

**3.** Is sampla de lámhscríbhinn mhaisithe é **Leabhar Cheanannais**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar conas a rinneadh an leabhar seo agus bíodh tagairt agat do na bunábhair agus don mhaisiúchán.
(c) Ainmnigh lámhscríbhinn mhaisithe **amháin** eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, agus déan cur síos agus plé achomair uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Is foirgneamh Nuachlasaiceach ón ré Sheoirseach é an **Casino i Marino**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an taobh istigh den fhoirgneamh.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an thaobh amuigh den fhoirgneamh.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá an pictiúr '**Bean Thuathánach Bhriotánach ag Cniotáil**' le Roderic O'Conor (1860-1940) **léirithe ar an mbileog leis seo**.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(b) Déan cur síos agus plé ar theicnící an ealaíontóra.

(c) Ainmnigh pictiúr **amháin** eile leis an ealaíontóir seo, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá an dealbh '**W. B. Yeats**' le Rowan Gillespie (r.1953) **léirithe ar an mbileog leis seo**.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbh seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- foirm/cruth.

(b) Déan cur síos agus plé ar láimhseáil na fíorach daonna sa saothar seo.

(c) Ainmnigh saothar dealbhóireachta poiblí Éireannach **amháin** eile d'fhíor, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- James Barry (1741-1806)
- Frederic William Burton (1816-1900)
- Sarah Purser (1848-1943)
- Harry Clarke (1889-1931)
- Norah McGuinness (1901-1980)
- Dorothy Cross (r.1956)
- Geraldine O'Neill (r.1971).

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid bunábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh eaglais Rómhánúil nó ardeaglais Rómhánúil a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, agus déan cur síos agus plé uirthi faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- gnéithe ailtireachta
- gnéithe maisiúcháin.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar na feidhmeanna a bhí ag eaglais Rómhánúil nó ardeaglais Rómhánúil.

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá '**An Mhaighdean agus an Leanbh leis an Sainsailéir Rolin**' le Jan van Eyck (c.1390-1441) **léirithe ar an mbileog leis seo**.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar agus siombalachas
- comhdhéanamh agus patrún
- bunábhair agus teicnící.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Jan van Eyck, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá '**Pietà**' le Michelangelo (1475-1564) **léirithe ar an mbileog leis seo**.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- foirm/cruth
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Michelangelo, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**11.** Is sampla den phéintéireacht Nuachlasaiceach é '**Mionn na Horatii**' le Jacques-Louis David (1748-1825) atá **léirithe ar an mbileog leis seo**.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid an tsolais agus datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Jacques-Louis David, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**12.** Is sampla de phéintéireacht Iar-Impriseanaíoch é '**An Oíche Réaltógach**' le Vincent van Gogh (1853-1890).
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Vincent van Gogh, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Tá '**Guernica**' le Pablo Picasso (1881-1973) **léirithe ar an mbileog leis seo**.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus siombalachas
- comhdhéanamh agus datha(nna)
- bunábhair.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Pablo Picasso, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Roghnaigh **ceann amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- '**Mairgneach Chríost**' le Giotto (c.1267-1337)
- '**Dáiví**' le Donatello (c.1386-1466)
- '**Rafta an Medusa**' le Théodore Géricault (1791-1824)
- '**Olympia**' le Édouard Manet (1832-1883)
- '**Dianseasmhacht na Cuimhne**' le Salvador Dalí (1904-1989).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/forim
- teicnící agus úsáid bunábhar.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Roghnaigh aghaidh shiopa i do cheantar féin atá éifeachtach, dar leat, agus déan cur síos agus plé uirthi faoi na ceannteidil seo a leanas:
- éifeacht ó thaobh amhairc de
- úsáid datha(nna)
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh d'aghaidh shiopa a dhíolann soláthairtí ealaíne.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air agus, faoi na ceannteidil seo a leanas, déan cur síos agus plé ar conas a cuireadh na déantúsáin a chonaic tú ar taispeáint:
- leagan amach
- an taispeáint agus soilsiú
- eolas don chuairteoir.

(b) Mol **dhá** smaoineamh faoi conas a d'fhéadfaí gailearaithe ealaíne, músaeim nó ionaid léirmhíniúcháin a dhéanamh níos tarraingtí do dhéagóirí.
Tabhair fáthanna le do chinntí.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an troscán sráide atá **léirithe ar an mbileog leis seo** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- dath(anna)
- cruth/foirm
- bunábhair a úsáideadh.

(b) Mol dearadh i gcomhair láthair shuí lasmuigh i do scoil.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Tá stampa Éireannach ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an stampa seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- dath(anna)
- íomhánna
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh i gcomhair stampa Éireannach chun an óige a cheiliúradh.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra*.

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh carachtar ó fhíschluiche a bhfuil taithí agat air, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- dath(anna)
- feisteas
- gnéithe coirp.

(b) Mol dearadh i gcomhair carachtar i bhfíschluiche bunaithe ar ainmhí.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is sampla de sheodra Éireannach é an siogairlín atá **léirithe ar an mbileog leis seo**.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpíosa seodra seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- foirm/cruth
- bunábhair
- dromchla.

(b) Mol dearadh i gcomhair píosa seodra bunaithe ar ealaín Réamh-Chríostaí na hÉireann.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an lógó atá **léirithe ar an mbileog leis seo** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- íomhánna agus litreoireacht
- dath(anna).

(b) Mol dearadh póstaeir chun an fholláine choirp a chur chun cinn i do scoil.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

M70 / M70T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2020L014GXBL

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020 — Gnáthleibhéal**
**Leaving Certificate Examination, 2020 — Ordinary Level**

Ealaín: Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne - Léaráidí
Art: History and Appreciation of Art - Illustrations

## 1


Ceist Question



An Chraobhaigh Chaol, Co.Shligigh
Creevykeel, Co.Sligo

## 2

Ceist Question



Scornán Ghleann Insín
Gleninsheen Gorget

## 5

Ceist Question



Bean Thuathánach Bhriotánach ag Cniotáil
le Roderic O'Conor
Breton Peasant Woman Knitting by Roderic O'Conor

## 6

Ceist Question



W. B. Yeats le Rowan Gillespie
W. B. Yeats by Rowan Gillespie

9



An Mhaighdean agus an Leanbh leis an Sainsailéir Rolin le Jan van Eyck
The Virgin and Child with Chancellor Rolin by Jan van Eyck

Ceist Question

10



Pietà le Michelangelo
Pietà by Michelangelo

Ceist Question

**11**

Ceist Question



Mionn na Horatii le Jacques-Louis David
Oath of the Horatii by Jacques-Louis David

**13**

Ceist Question



Guernica le Pablo Picasso
Guernica by Pablo Picasso

17



Ceist Question

18




Ceist Question

20



Ceist Question

***Léaráidí le caoinchead***
***Illustrations courtesy of***
Oifig na nOibreacha Poiblí
The Office of Public Works
Ard-Mhúsaem na hÉireann
The National Museum of Ireland
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
National Gallery, Ireland
Musée du Louvre, Páras / Paris
St. Peter's Basilica, An Róimh / Rome
Museo Reina Sophia, Maidrid / Madrid

21

THE
wellbeing
NETWORK

Ceist Question